Plean Ceachta

Taifead agus Tomhais ar Luas na Gaoithe

Sa cheacht seo foghlaimeoidh daltaí:

1. Conas ainéimiméadar a chruthú.
2. Conas luas na gaoithe sa nóiméad a thomhas.
3. Conas sonraí a léiriú ar ghraf.
4. Conas a gcuid torthaí a phlé.
5. Conas meánluas na gaoithe don mhí a ríomh.
6. Conas scála Beaufort a úsáid chun luas gaoithe a thuiscint.

Conas a dhéanaimid luas gaoithe a thomhas?

Úsáidimid uirlis darbh aimn **ainéimiméadar** chun luas gaoithe a thomhas.

Is é an t-ainéimiméadar cupaí an saghas is simplí.

Tá ceithre chupa leathsféaracha ar ainéimiméadar - cupaí le ceithre ghéag chothrománacha (féach an pictiúr).

Tá an luas ag a bhfuil na cupaí ag bogadh comhréireach le luas na gaoithe.

Mar sin, trí líon na gcastaí a chomhaireamh thar tréimhse ama féadaimid meánluas na gaoithe a ríomh.



Turgnamh 1: Luas na gaoithe a thaifeadadh agus a thomhas

Ábhair riachtanacha:

- Dhá stiall chairtchláir atá ar an toise céanna
- Ceithre chupa bheaga páipéir
- Siosúr
- Peann
- Rialóir
- Stáplóir
- Biorán ordóige
- Peann luaidhe le scriosán ar a bhun
- Stopuaireadóir
- Grafpháipéar
- Leabhar nótaí

Modh:

Cuid 1: Ainéimiméadar a chruthú

1. Déan cros de na stiallacha cairtchláir ag úsáid an stáplóra.
2. Gearr na bilí de na cupaí chun iad a éadromú, agus chun é a dhéanamh níos fusa iad a ghreamú leis an gcros cairtchláir.
3. Cuir marc ar chupa amháin le peann.
4. Stápláil na cupaí le taobhanna na croise ionas go bhfuil béal gach cupa dírithe i dtreo bun cupa eile timpeall na croise.
5. Leis an peann luaidhe faoi bhun lár na croise cairtchláir agat, brúigh an biorán ordóige tríd an chros agus isteach sa scriosán.
6. Tá ainéimiméadar cruthaithe agat.

Cuid 2: Sonraí a thaifeadadh

1. Suigh an t-ainéimiméadar lasmuigh agus féach an ndéanfaidh an ghaoth é a bhogadh.
2. Ag úsáid an uaireadóra, déan líon na n-uaireanta a chasann an cupa marcáilte timpeall, in aghaidh an nóiméid, a chomhaireamh.
3. Déan seo gach lá ar feadh míosa.
4. Déan na sonraí a thaifeadadh sa leabhar nótaí.
5. Roghnaigh mí amháin sa gheimhreadh agus sa samhradh chun éagsúlachtaí a léiriú.
6. I ndiaidh mí taifeadta, tarraing graf chun na sonraí a léiriú.
7. Cuir na laethanta ar an ais chothrománach agus na luasanna gaoithe (castaí sa nóiméad) ar an ais ingearach.
8. Ceangail na poncanna.

Cuid 3: Torthaí a anailísiú

1. Cuir na ceisteanna seo ort féin:
    - An bhfuil luas na gaoithe tar éis athrú thar an tréimhse mhíosa?
    - An bhfuil aon éagsúlachtaí idir míonna an gheimhrigh agus an tsamhraidh?
    - Cén lá ba ghaofara?
    - Cén lá ba shuaimhní?

2. Ríomh an meánluas gaoithe (meán) don mhí trí luas na gaoithe taifeadta ó na laethanta ar fad a shuimiú le chéile agus an freagra a roinnt ar an líon iomlán laethanta sa mhí.
3. Athdhéan an turgnamh i suíomhanna éagsúla chun luas na gaoithe a thaifeadadh agus chun comparáid a dhéanamh.
4. Déan iarracht fáth aon chomhathraithe a mhíniú.

Scála Beaufort

Is é Sir Francis Beaufort, ón Uaimh, Contae na Mí, a chum scála Beaufort.

Is bealach é le déine na gaoithe a mheas trí fhéachaint ar staid na farraige nó talún.

Cruthaíodh é 200 bliain ó shin ach úsáidtear go fóill ar fud an domhain é.

Tá fórsa gaoithe 0 séimh.

Tá fórsa gaoithe 12 ina hairicín.

Catagóir	Cur síos
0	Séimh – Ardaíonn deatach go hingearach
1	Aer éadrom- Treo na gaoithe léirithe ag deatach ach ní ag eití gaoithe
2	Leoithne shéimh – Braitear an ghaoth ar an aghaidh, bogtar duilleoga
3	Leoithne bhog – duilleoga agus craobhóga beaga ag bogadh go leanúnach
4	Leoithne mheánach – Ardaítear deannach agus páipéar scaoilte, bogtar craobhacha
5	Leoithne chrua – Crainn bheaga atá faoi dhuilliúr ag luascadh, cothaítear tonnáin ar uiscí intíre
6	Leoithne láidir – Craobhacha móra ag bogadh, cloistear feadaíl ó shreanga teileafóin; deacair scáth báistí a láimhseáil
7	Gar do ghála – Crainn ag bogadh ina n-iomláine, deacair siúl go héifeachtach in aghaidh na gaoithe
8	Gála- Bristear craobhóga as crainn, deacair gluaiseacht thart go ginearálta
9	Gála láidir- tarlaíonn damáiste foirgníochta (baintear potaí simléir agus slinnte)
10	Stoirm – Braite go hannamh i suíomh intíre, crainn dífhréamhaithe, damáiste foirgníochta suntasach
11	Stoirm gharbh – Braite go fíor-annamh, tarlaíonn damáiste forleathan dá bharr
12	Hairicín